Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**11944/24**

**ENV 758**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10728/24 + COR 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 01/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú – Ag bailiú siúil faoi dheireadh, ach dúshláin ar an mbóthar amach romhainn.'<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle (ERSCO) iad ag an 4035ú cruinniú dá cuid, an 20 Meitheamh 2024.

**Tuarascáil Speisialta 01/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘Astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú – Ag bailiú siúil faoi dheireadh, ach dúshláin ar an mbóthar amach romhainn.’**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 01/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘Astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú – Ag bailiú siúil faoi dheireadh, ach dúshláin ar an mbóthar amach romhainn’[1] agus tugann sí dá haire na freagraí ón gCoimisiún[2] agus ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil[3] ar an Tuarascáil Speisialta seo; MEABHRAÍTEAR DI gurb é an Coimisiún, de bhun na gConarthaí, an institiúid a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;

2. AITHNÍONN SÍ barúil na Tuarascála gurb é an t-iompar an t-aon earnáil nár laghdaíodh astaíochtaí $CO_2$ san Eoraip inti ó 1990 i leith;

3. TUGANN SÍ dá haire go bhfuil laghdú géar tagtha ar mheánastaíochtaí $CO_2$ in aghaidh an chiliméadair i gcás gluaisteáin nua paisinéirí a chláraítear san Aontas, go háirithe ó 2020 i leith nuair a tháinig spriocanna níos déine arna leagan amach sna caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i bhfeidhm, go príomha mar gheall ar ghlacadh suntasach feithiclí leictreacha; MEABHRAÍTEAR DI go n-éireoidh na spriocanna sin níos déine de réir a chéile, agus go mbeidh feidhm ag sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ 100 % ó 2035 ar aghaidh mar thoradh ar Rialachán 2023/851 lena leasaítear Rialachán 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ a neartú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d’fheithiclí tráchtála éadroma nua i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais;

---

1 Is féidir féachaint ar an tuarascáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/SR-2024-01/SR-2024-01_GA.pdf

2 https://www.eca.europa.eu/Lists/ECAReplies/COM-Replies-SR-2024-01/COM-Replies-SR-2024-01_GA.pdf.

3 https://www.eca.europa.eu/Lists/ECAReplies/COM-Replies-SR-2024-01/COM-Replies-SR-2024-01_GA.pdf

4. AITHNÍONN SÍ gur gá a áirithiú gur torthaí ceart iontaofa a bheith sna torthaí $CO_2$ a chinnfear le haghaidh feithiclí aonair agus a dhearbhóidh monaróirí feithiclí ar an Deimhniú Comhréireachta; MOLANN SÍ don Choimisiún obair leantach a dhéanamh leis na Ballstáit maidir leis na seiceálacha is gá ar mhonaróirí san Fhóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú; AITHNÍONN SÍ na forbairtí rialála atá curtha i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an maoirseacht agus chun an tseiceáil uathoibrithe ar na sonraí astaíochtaí sna Deimhnithe Comhréireachta a éascú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur forbraíodh nósanna imeachta 'fíoraithe inseirbhíse' mar a fhoráiltear faoi Rialachán (AE) 2019/631 chun na críche sonraí go bhféadfaí luachanna $CO_2$ feithiclí atá i gcúrsaíocht a fhíorú agus, i gcás inar gá, a cheartú, agus nach mór na nósanna sin a chur i bhfeidhm ó 2024 ar aghaidh;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an moladh measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí maidir le fíorthomhaltas breosla atá saincheaptha dá riachtanais shonracha, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an moladh sin a mheas i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí a dhéanfaidh sé amach anseo, i gcomhréir iomlán leis na prionsabail a comhaontaíodh maidir le Rialáil Níos Fearr; Sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an chéad tuarascáil ón gCoimisiún maidir le fíorastaíochtaí $CO_2$ ó ghluaisteáin agus veaineanna a glacadh an 18 Márta 2024;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh iarrachtaí chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun na sonraí a bhailítear a tharchur agus a imréiteach idir na Ballstáit, an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil; I ndáil leis an méid sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí leictreonacha chun sonraí gluaisteán a bhailiú agus a fhíorú agus, MEABHRAÍTEAR DI na hoibleagáidí i Rialachán (AE) 2018/858 maidir le húsáid Deimhnithe Comhréireachta leictreonacha (ríomhDheimhnithe Comhréireachta) ó mhí Iúil 2026 agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil tús curtha cheana féin ag roinnt Ballstát le ríomhDheimhnithe a úsáid agus na hoibleagáidí sin ina n-oirchill; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh le húdaráis chineálcheadaithe na mBallstát san Fhóram um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú chun deimhnithe comhchuibhithe leictreonacha ar chineálcheadú a fhorbairt agus a úsáid i gcás ina bhfuil na sonraí struchtúrtha; MEABHRAÍTEAR DI an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear sonraí faireacháin iomlána agus cearta faoi bhráid an Choimisiúin go tráthúil mar a leagtar amach i Rialachán 2019/631, agus molann sí don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus do mhonaróirí i ndáil leis sin;

7. AITHNÍONN SÍ barúil CIE go mbeidh ról ríthábhachtach ag glacadh méadaithe feithiclí lánleictreacha chun astaíochtaí foriomlána $CO_2$ an fhlít gluaisteán nua a laghdú i dtreo na spriocanna a comhaontaíodh, agus sa chomhthéacs sin CUIREANN SÍ I bhFÁTH go mbeidh inacmhainneacht feithiclí leictreacha, bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha, agus soláthar amhábhar chun ceallraí a tháirgeadh ina bpríomhthosca don ghlacadh méadaithe sin;

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht, ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann le spriocanna atá ann faoi láthair a ionadú le spriocanna atá bunaithe ar sciar íosta d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha, in éineacht le huasteorainn 'fíorastaíochtaí' d'fheithiclí innill dócháin, i gcomhthéacs athbhreithniú 2026 ar Rialachán 2019/631.